- An easpa leanúnach spáis atá leordhóthanach agus na coinníollacha agus saoráidí timpeallachta cuí gan a bheith ar fáil d'Eolaíocht Fhóirínseach Éireann. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, ní raibh an Conradh sínithe chun saoráid nua a fhoirgníú i mBacastún agus ní raibh tús curtha leis an obair foirgníochta dá bharr sin. Tá an ní sin thar a bheith práinneach.

- Táthar ag feitheamh ar an Tuarascáil de thoradh an imscrúdaithe atá ar bun maidir le líon samplaí DNA nár cuireadh isteach. Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an Bunachar DNA a chothabháil de réir na gcaighdeán is airde dea-chleachtais idirnáisiúnta.

- Tá sé riachtanach na leibhéal chuí foirne a chothabháil san Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach chun a chumasú dá foireann déileáil le próiseáil samplaí DNA ar mhodh tráthúil agus éifeachtach.

Tá forbairt agus rath an chórais ceartais choiriúil ag brath, níos mó ná riamh, ar éifeachtacht agus ar shláine an Chórais Bunachair Sonraí DNA agus ar chumas na gcomhaltaí cuí den fhoireann a bheith in ann freagairt do riachtanais imscrúduithe coiriúla ar mhodh tráthúil agus gairmiúil.

Thar ceann an Choiste agus thar mo cheann féin, ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir agus le foireann Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann mar aon le Bleachtair Ard-Cheannfoirt agus Bleachtair Ceannfoirt agus foireann na hOifige Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach as an gcabhair agus an tacaíocht a thug siad don Choiste i rith na bliana agus dom féin go pearsanta ó tháinig mé chun bheith i mo Chathaoirleach.

Tá an Coiste sásta le hoibriú an Chórais Bunachair Sonraí DNA agus a mhéid a théann sé chun tairbhe d'imscrúdú na coireachta.

Catherine A. Murphy

Cathaoirleach

## Roinn 3: Forléargas ar Eolaíocht Fhóirínseach Éireann

Is oifig ghaolmhar de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í Eolaíocht Fhóirínseach Éireann (FSI). Oibríonn Eolaíocht Fhóirínseach Éireann chun anailís eolaíochta chuimsitheach, tuairim shaineolach neamhspleách, comhairle agus oiliúint, chun tacú leis an gcóras Ceartais Choiriúil in Éirinn, a chur ar fáil de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr. Saotharlann Fóirínseolaíochta Éireann a tugadh uirthi ar dtús, tar éis a bunú sa bhliain 1975 chun seirbhís eolaíochta a sholáthar don Chóras Ceartais Choiriúil trí anailís a dhéanamh ar shamplaí arna gcur isteach ó láithreacha coireanna agus trí fhianaise shaineolach a sholáthar i dtrialacha coiriúla. I mí an Mheithimh 2014, leathnaíodh scóip Eolaíocht Fhóirínseach Éireann faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014. Faoin Acht, ainmnítear Eolaíocht Fhóirínseach Éireann mar choimeádaí an bhunachair sonraí agus athainmníodh Saotharlann Dlí-Eolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt mar Eolaíocht Fhóirínseach Éireann chun an fheidhm níos leithne sin a aithint.

I mí na Nollag 2019, aistríodh an fhreagracht i leith seirbhísí Méarlorg agus Doiciméid agus Lámhscríobhneoireacht ó Bhiúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána chuig Eolaíocht Fhóirínseach Éireann. Leis sin, comhdhlúthaíodh formhór na hoibre fóirínseach a dhéantar sa tsaotharlann faoi chúram Eolaíocht Fhóirínseach Éireann. 183 an líon foirne atá ag Eolaíocht Fhóirínseach Éireann faoi láthair, lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána ar iasacht, eolaithe agus anailísithe atá oile i dtástáil fhóirínseach agus teicnící tuairisceoireachta, agus gairmithe riaracháin ag tacú leo.

Trí theicneolaíocht DNA a chur chun feidhme, rannchuidíonn Eolaíocht Fhóirínseach Éireann le himscrúduithe maidir le réimse de chineálacha coireanna lena n-áirítear coireanna lena mbaineann foréigean agus ionsaithe gnéasacha. Baintear úsáid as an teicneolaíocht sin freisin, mar aon le cineálacha eile rianfhianaise e.g. péint, gloine, snáithíní teicstíleacha, i gcásanna ar nós buirgléireachtaí, robálacha, airm tine agus soláthar drugaí mídhleathacha. Baineann cuid mhór d'obair Eolaíocht Fhóirínseach Éireann le drugaí aindleathacha a aithint le haghaidh ionchúisimh faoi na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí.

Tá Eolaíocht Fhóirínseach Éireann lonnaithe faoi láthair i gCeannteathrú an Gharda Síochána i bPáirc an Fhionnuisce ach tá forbairt déanta ar phleananna chun foirgneamh nua a bheidh oiriúnach don chuspóir a thógáil ar an gcampas eolaíochta i mBacastún, Cill Droichid. Táthar ag súil leis go gcuirfear tús leis an obair fhoirgníochta go luath in 2020.

Bunaíodh Conradh Prüm in 2005 chun an comhar trasteorann idir Ballstáit AE a ghéarú, go háirithe maidir le sceimhlitheoireacht, coireacht trasteorann agus imirce neamhdhleathach a chomhrac. Faoi Chonradh Prüm, tá oibleagáid ar

Bhallstáit cearta rochtana uathoibríthe ar phróifílí DNA dhaoine faoi dhrochamhras agus smál coire atá ina mBunachair Sonraí DNA náisiúnta a roinnt. Tá feidhm ag Conradh Prüm freisin maidir le sonraí méarlorg agus cláraithe feithiclí a mhalartú. Leagtar amach mionsonraí maidir le sonraí a roinnt faoi Chonradh Prüm i gCinneadh 2008/615/JHA an 23 Meitheamh 2008 on gComhairle agus i gCinneadh 2008/616/JHA an 23 Meitheamh 2008 on gComhairle. Tá Pointe Teagmhála Náisiúnta (NCP) aonair agus láraithe ag gach tír atá páirteach agus is é sin Eolaíocht Fhóirínseach Éireann in Éirinn. I mí Dheireadh Fómhair 2019, tháinig malartú sonraí Prüm i bhfeidhm maidir leis an Ostair. Táthar ag súil leis go ndéanfar malartuithe le dlínsí eile le linn na bliana 2020.

Is comhalta bunaidh Eolaíocht Fhóirínseach Éireann de Ghréasán Eorpach na nInstitiúidí Dlí-Eolaíochta (ENFSI), mar aon le Comhlachas na Soláthraithe Seirbhísí Dlí-Eolaíochta (AFSP). Tá na heagraíochtaí sin dírithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr maidir le cleachtais fhóirínseacha agus taighde a fhorbairt agus a roinnt i measc a gcomhaltaí. Tá foireann Eolaíocht Fhóirínseach Éireann gníomhach sna gasraí oibre iomchuí go léir de chuid ENFSI agus AFSP. Tá an caidreamh idirnáisiúnta sin tábhachtach chun a chinntiú go mbeidh an fhianaise shaineolach a thíolactar bunaithe ar an taighde eolaíochta is déanaí and an cleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Tá Eolaíocht Fhóirínseach Éireann creidiúnaithe de réir ISO17025: 2017 agus tá deimhniú *Gold Excellence through People* aici.

## **Roinn 4: Feidhmeanna an Choiste Formhaoirsithe**

Déantar foráil le hAlt 71 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí- Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014 maidir le coiste a bhunú chun raon feidhmeanna a shonraítear in Alt 71 go 74 den Acht a chur i gcrích, lena bhforáiltear mar seo a leanas:

Déanfaidh an Coiste formhaoirsiú ar bhainistiú agus oibriú an Chórais Bunachair Sonraí DNA chun sláine agus slándáil an Chórais a choimeád ar bun agus, chun na gcríoch sin, deimhneoidh sé dó féin go bhfuil forálacha an Achta seo i ndáil leis an gCóras á gcomhlíonadh.

Déanfaidh an Coiste formhaoirsiú —

- (h) ar na socruithe a úsáideann Stiúrthóir EFÉ i ndáil le samplaí arna dtógáil faoin Acht seo a fháil, a láimhseáil, a tharchur agus a stóráil chun próifílí DNA a ghiniúint lena n-iontráil sa Chóras Bunachair Sonraí,
- (i) ar na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ i ndáil le próifílí DNA a ghiniúint ó na samplaí arna dtógáil faoin Acht seo, agus ar rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta na nósanna imeachta sin, chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an cleachtas idirnáisiúnta is fearr,
- (j) ar na bearta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ chun a chinntiú nach bhfaighidh aon duine rochtain ar an gCóras Bunachair Sonraí DNA go míchuí, nach n-úsáidfear na próifílí DNA agus an fhaisnéis arna n-iontráil sa Chóras ach chun na gcríoch a cheadaítear leis an Acht seo agus nach nochtfar iad go míchuí d'aon duine,
- (k) ar an modh ina ndéanann Stiúrthóir EFÉ torthaí na gcuardach ar an gCóras Bunachair Sonraí DNA a thuairisciú don Gharda Síochána, don Choimisiún Ombudsman nó do chróinéir, de réir mar is cuí,
- (l) ar na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ chun a chinntiú go ndéantar samplaí arna dtógáil faoin Acht seo chun próifílí DNA a ghiniúint lena n-iontráil sa Chóras Bunachair Sonraí DNA a dhíothú agus go ndéantar na próifílí DNA arna nginiúint ó na samplaí sin a bhaint den Chóras sin, de réir *Chuid 10 den Acht*.
- (m) ar na cleachtais agus nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ in oibriú *Chaibidlí 2 agus 7 agus Chuid 12 den Acht*, agus
- (n) ar na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ in oibriú alt 4 den Acht.



## Roinn 5: Obair an Choiste Formhaoirsithe

7. Ag gach cruinniú den Choiste, sholáthair Eolaíocht Fhóirínseach Éireann (FSI) faisnéis staidrimh mhionsonraithe maidir le hoibriú an Chórais Bunachair Sonraí DNA lena n-áirítear líon na samplaí a tógadh, na hailt den Acht faoinar tógadh na samplaí, líon na samplaí agus na bpróifílí a díothaíodh agus líon agus cineál na gcásanna a réitíodh le cabhair ó mheaitseálacha DNA. Ó Dheireadh Fómhair 2019 i leith, leathnaíodh staidreamh chun sonraí meaitseála a áireamh mar thoradh ar bhunachair sonraí beo a roinnt faoi Chinntí Prüm.
8. Ag an gcruinniú den Choiste a bhí ann an 13 Márta 2019, léirigh staidreamh a soláthraíodh i leith 2018 neamhréireachtaí idir fógraí ríomhphoist i dtaobh samplaí DNA arna nginiúint ag an nGarda Síochána agus na samplaí a fuair Eolaíocht Fhóirínseach Éireann go fisiceach. Scríobh an Coiste chuig an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach maidir leis na samplaí nár cuireadh isteach. Cuireadh tús le scrúdú ar na próisis atá i bhfeidhm agus a bhaineann le DNA i mí Aibreáin 2019.

Cuireadh in iúl don Choiste ag an gcruinniú a bhí ann an 19 Meitheamh 2019 go raibh roinnt neamhréireachtaí a sainaithníodh mar thoradh ar an imscrúdú á réiteach sula gcríochnófaí an tuarascáil. Gníomhachtaíodh nósanna imeachta áirithe in Eolaíocht Fhóirínseach Éireann chun roinnt cúiseanna féideartha a shárú. Bhí an Coiste sásta freastal ar chruinniú cuiditheach leis an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach an 11 Nollaig 2019 inar tugadh forléargas ar an dréacht-tuarascáil agus na fionnachtana inti. Ba mhian leis an gCoiste buíochas a ghabháil leis an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach as an idirghníomhú leanúnach agus tá sé ag súil le scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil iomlán nuair a chríochnófar í in 2020.

9. Lean an Coiste d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéal foirne san Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach mar thosaíocht le linn 2019. Scríobh an Coiste chuig an gCoimisinéir Harris roinnt uaireanta le linn 2019, ag cur imní in iúl maidir le leibhéal foirne na hOifige Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach agus chun cruinniú leis a iarraidh chun na nithe sin a phlé tuilleadh. Tá cruinniú socraithe don chéad ráithe de 2020 le Cathaoirleach an Choiste agus fáiltíonn an Coiste roimh idirghabháil fheabhsaithe sa todhchaí.
10. Lean an Coiste d'fhaireachán a dhéanamh ar shocruithe slándála maidir leis an gCóras Bunachair Sonraí DNA. Go foriomlán, tá an Coiste sásta go ndearnadh cuid shuntasach den obair ghearrthearma a moladh i dtuarascáil neamhspleách ar shlándáil in 2018 a chur i gcrích agus a chomhlíonadh i rith 2019, lena n-áirítear an obair TF lena cumasaíodh malartú sonraí faoi Chonradh Prüm a ghníomhachtú i mí Dheireadh

Fómhair 2019. Mar sin féin, amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá obair neamhchríochnaithe TF ann ar chóir í a dhéanamh gan mhoill d'fhonn a chinntiú go mbeidh Eolaíocht Fhóirínseach Éireann ag comhlíonadh an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Táthar ag súil leis go ndéanfar dul chun cinn suntasach sa bhliain atá romhainn.

11. Ag gach cruinniú den Choiste, cuireadh nuashonrú ar fáil maidir le Tionscadal Prüm. Tháinig malartán sonraí Prüm leis an Ostair i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2019. Fáiltíonn an Coiste roimh dhul chun cinn Thionscadal Prüm agus na sonraí meaitseála is toradh ar bhunachar sonraí beo a roinnt leis an Ostair agus freisin roimh na pleananna chun an cumas chun sonraí a roinnt le bunachair sonraí AE eile a mhéadú in 2020.
12. Ag gach cruinniú den Choiste, cuireadh nuashonrú ar fáil maidir leis an tsaotharlann eolaíochta fhóiréinsí a bheartaítear a fhoirgníú i mBacastún. Tá an Coiste ag leanúint de bhéim a chur ar an tábhacht agus an phráinn a bhaineann leis an gcéanna a thabhairt ar aghaidh. Le linn an chruinnithe a bhí ann an 23 Deireadh Fómhair, thug an Coiste faoi thuras ar na próisis ó chásanna a iontógáil laistigh d'áitreabh Eolaíocht Fhóirínseach Éireann ar aghaidh agus aithníodh na srianta fisiceacha agus na dúshláin a bhaineann le hoibríochtaí san fhoirgneamh reatha.

Scríobh an Coiste chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais arís i mí na Samhna 2019 chun aird a tharraingt ar an imní a bhí air. Fuarthas freagra ón Aire an 6 Nollaig inar áirithíodh a thacaíocht chun tús a chur leis an bhfoirgníocht i mBacastún a luaithe is féidir.

## Roinn 6: Fionnachtana an Choiste Formhaoirsithe

9. Tá gach comhalta den Choiste den tuairim nach féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht an Chórais Bunachair Sonraí DNA agus go bhfuil sé riachtanach, gach tráth, sláine agus éifeachtacht an chórais a chothabháil agus a chosaint. Níos mó ná riamh cheana tá an córas Ceartais Choiriúil in Éirinn ag brath ar obair an Chórais Bunachair Sonraí DNA chun coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh araon. Tuigeann an Coiste na freagrachtaí atá air faoin Acht agus tá sé tiomanta a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh go feadh a chumais.

Taispeánann na fionnachtana go dtí seo luach an Chórais Bunachair Sonraí DNA maidir le coireacht a chomhrac. Tá an bunachar sonraí á líonadh le samplaí arna dtógáil ó dhaoine a bhfuil drochamhras ann ina leith maidir le coireacht thromchúiseach nó a ciontaíodh sa chéanna agus ó láithreacha coireanna. 38,747 an líon próifílí atá curtha sa bhunachar ó bunaíodh é suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2019.

D'fhéadfadh dhá mheaitseáil ionchasach a bheith ann i gcás nuair a chuirtear próifíl bhreise sa bhunachar – d'fhéadfadh smál coire meaitseáil le smál coire eile, rud a thugann nasc idir coireanna le tuiscint; nó d'fhéadfadh an smál coire meaitseáil le duine, rud a thugann nasc idir an duine agus an choir le tuiscint. Go foriomlán, sainaithníodh 780 amas sa Bhunachar Sonraí DNA in 2019 agus thug siad sin cabhair i 1,011 chás.

Tá cumas an bhunachair sonraí DNA chun coireacht a réiteach ag leanúint de bheith ag méadú agus 43% an toradh a bhí ann ag deireadh na bliana 2019 (i.e. nascfar 43 sampla as gach 100 sampla ó láthair coire a uaslódáilfear ar an mbunachar sonraí le duine).

10. Tá an Coiste sásta le bainistiú agus le hoibriú an bhunachair sonraí DNA maidir le halt 72 (2) (a) na socruithe a úsáideann Stiúrthóir EFÉ i ndáil le samplaí arna dtógáil faoin Acht seo a fháil, a láimhseáil, a tharchur agus a stóráil chun próifílí DNA a ghiniúint lena n-iontráil sa Chóras Bunachair Sonraí DNA agus le halt 72 (2) (b) rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta na nósanna imeachta sin.

Thug an Coiste faoi thuras ar áitreabh Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann i mí Dheireadh Fómhair 2019 chun beartais agus nósanna imeachta a scrúdú agus bhí sé sásta. Cuireadh an Coiste ar an eolas go bhfuil athbhreithniú á sheoladh maidir leis na samplaí nár cuireadh isteach agus go n-eiseofar Tuarascáil ar an athbhreithniú sin go luath in 2020. Breithneoidh an Coiste an Tuarascáil sin nuair a gheofar í, lena n-áirítear conas feabhsuithe a bhaint amach chun an dea-chleachtas a chinntiú sa todhchaí. Is ábhar mór imní don Choiste an ní sin.

11. Tá an Coiste sásta maidir le halt 72 (2) (c) eadhon na bearta a úsáideann

Stiúrthóir EFÉ chun a chinntiú nach bhfaighidh aon duine rochtain ar an gCóras Bunachair Sonraí DNA go míchuí, nach n-úsáidfear na próifílí DNA agus an fhaisnéis arna n-iontráil sa Chóras ach chun na gcríoch a cheadaítear leis an Acht seo agus nach nochtfar iad go míchuí d'aon duine. Tá an Coiste ag leanúint de bhéim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an gcóras slándála a fheabhsú mar chuid dhílis de chlár TF Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann.

12. Tá an Coiste sásta maidir le halt 72(2)(e), eadhon na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ chun a chinntiú go ndéantar samplaí arna dtógáil faoin Acht seo chun próifílí DNA a ghiniúint lena n-iontráil sa Chóras Bunachair Sonraí DNA a dhíothú agus go ndéantar na próifílí DNA arna nginiúint ó na samplaí sin a bhaint den Chóras sin, de réir Chuid 10 den Acht. Thug Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann staidreamh i ndáil leis an ní sin don Choiste ag gach ceann dá chruinnithe in 2019 agus ina theannta sin cuireadh cur i láthair maidir leis an ní sin ar fáil don Choiste le linn dóibh cuairt a thabhairt ar Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann i mí Dheireadh Fómhair 2019.

13. Baineann alt 72 (2) (f) agus (g) le cuardach uathoibríthe nó comparáid uathoibríthe a dhéanamh ar phróifílí DNA. Déantar foráil le Cinntí 2008/615/JHA agus 2008/616/JHA ón gComhairle maidir le sonraí DNA, méarlorg agus cláraithe feithiclí a mhalartú idir Ballstáit AE. Maidir le DNA, cuireadh tús le hoibríochtaí malartaithe beo idir Éire agus an Ostair an 2 Deireadh Fómhair 2019.

Tá malartú déthaobhach i bhfeidhm leis an Ostair ó Dheireadh Fómhair 2019 i leith. Rinneadh cuardach ar 3500 smál coire gan aithne ar chóras Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar Bhunachar Sonraí na hOstaire (ina bhfuil 239,000 próifíl tagartha, ar daoine faoi dhrochamhras/ciontóirí ciontaithe iad). Rinneadh cuardach ar 40,300 smál coire gan aithne ar chóras na hOstaire ar Bhunachar Sonraí na hÉireann (FSI) (ina bhfuil 25,350 próifíl tagartha, ar daoine faoi dhrochamhras/ciontóirí ciontaithe iad). Tharla amais sa dhá chóras mar thoradh ar an malartú sonraí beo, rud a léiríonn tábhacht agus éifeachtacht thionscadal Prüm agus muid ag dul ar aghaidh.

Tá sé beartaithe ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann malartán bunachair sonraí DNA a thosú leis an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe go luath in 2020 agus tá líon mór amas agus go leor próiseála sonraí tuartha, ar a ndéanfaidh an Coiste faireachán. Ina theannta sin, soláthrófar sonraí nua maidir leis an bpróiseas mar aon le léiriú ar chomh láidir atá an reachtaíocht reatha trí chásanna a leanúint le Interpol agus

Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach.

14. Tá fáilte roimh an tiomantas an tsaotharlann nua eolaíochta fóiréinsí a fhoirgníú ar champas Bhacastúin. Lean an Coiste de bhéim a chur ar ríthábhacht na saotharlainne nua fóiréinsí i rith 2019 agus trí scríobh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina leith. Tá an Coiste spreagtha anois mar de bharr conradh a bheith sínithe le déanaí.
15. Is den riachtanas é, chun go mbainfear leas iomlán as an mBunachar Sonraí DNA, go méadófar leibhéal foirne na hOifige Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach go dtí na barrleibhéal mar go ndéanann an oifig sin cuid dhílis den obair a bhaineann le hoibriú an bhunachair sonraí DNA. Taispeánann na neamhréireachtaí atá faoi imscrúdú faoi láthair mar chuid den athbhreithniú ar shamplaí nár cuireadh isteach an tábhacht atá le dícheall cuí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh easpa foirne dochar a dhéanamh d'fheidhmíocht an bhunachair sonraí, agus is dócha go méadóidh ualach oibre na hOifige Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach go mór nuair a chuirfear sonraí bithmhéadracha eile san áireamh in 2020. Teastaíonn acmhainní leordhóthanacha chun go leanfaidh an bunachar sonraí agus na córais tacaíochta foghabhálacha a ghabhann leis den fheidhm fíor-thábhachtach atá acu chun cabhrú le himscrúdú na coireachta.
16. Bhí cruinniú ag an gCoiste leis an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach i mí na Nollag 2019 chun réamhfhionnachtana an athbhreithnithe ar na samplaí nár cuireadh isteach a phlé. Bhí áthas ar an gCoiste a fháil amach go raibh na leibhéal foirne méadaithe. Mar sin féin, tá folúntais ann atá le líonadh go fóill ach táthar ag súil leis go líonfar iad in 2020. Cuireadh i bhfios don Choiste an gur bhain go leor deacrachtaí a bhí ag an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach le leibhéal foirne. Leanfaidh an Coiste d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéal na foirne san Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach le linn 2020.

Maidir leis an athbhreithniú ar na samplaí nár cuireadh isteach, dúradh leis an gCoiste nach bhfuil míniú tugtha i leith 1% d'fhógraí ríomhphoist as 55,000 d'Uimhreacha Tagartha Sampla (SRN). Is cosúil gur samplaí dúbailte, Uimhreacha Tagartha Sampla arna nginiúint gan sampla a thógáil, samplaí a tógadh ach nár seachadadh ar Eolaíocht Fhóirínseach Éireann agus samplaí nár tugadh admháil ina leith in Eolaíocht Fhóirínseach Éireann is cúis le formhór nó cuid de na samplaí nár cuireadh isteach nó nach bhfuil míniú tugtha ina leith. Tá cruinnithe ráithiúla socraithe idir an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóirínseach agus Eolaíocht Fhóirínseach Éireann, agus tá moltaí áirithe ón athbhreithniú á gcur i ngníomh. Breithneoidh an Coiste an tuarascáil ina hiomláine nuair a chuirfear ar fáil í.

## Foscúbhinn A

### Alt 71-74 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014

#### An Coiste Formhaoirsithe um an gCóras Bunachair Sonraí DNA

**71** (1) Ar thosach feidhme an ailt seo, beidh arna bhunú coiste ar a dtabharfar an Coiste Formhaoirsithe um an gCóras Bunachair Sonraí DNA nó, sa Bhéarla, *The DNA Database System Oversight Committee* (dá ngairtear “an Coiste” san Acht seo) chun na feidhmeanna a shannfar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir na Coda seo, beidh an Coiste neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(3) Beidh éifeacht le *Sceideal 1* i ndáil leis an gCoiste.

#### Feidhmeanna an Choiste

**72.** (1) Déanfaidh an Coiste formhaoirsiú ar bhainistiú agus oibriú an Chórais Bunachair Sonraí DNA chun sláine agus slándáil an Chórais a choimeád ar bun agus, chun na gcríoch sin, deimhneoidh sé dó féin go bhfuil forálacha an Achta seo i ndáil leis an gCóras á gcomhlíonadh.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an Coiste formhaoirsiú—

(a) ar na socruithe a úsáideann Stiúrthóir EFÉ i ndáil le samplaí arna dtógáil faoin Acht seo a fháil, a láimhseáil, a tharchur agus a stóráil chun próifílí DNA a ghiniúint lena n-iontráil sa Chóras Bunachair Sonraí DNA,

(b) ar na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ i ndáil le próifílí DNA a ghiniúint ó na samplaí arna dtógáil faoin Acht seo, agus ar rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta na nósanna

imeachta sin, chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an cleachtas idirnáisiúnta is fearr,

- (c) ar na bearta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ chun a chinntiú nach bhfaighidh aon duine rochtain ar an gCóras Bunachair Sonraí DNA go míchuí, nach n-úsáidfear na próifílí DNA agus an fhaisnéis arna n-iontráil sa Chóras ach chun na gcríoch a cheadaítear leis an Acht seo agus nach nochtfar iad go míchuí d'aon duine,
  - (d) ar an modh ina ndéanann Stiúrthóir EFÉ torthaí na gcuardach ar an gCóras Bunachair Sonraí DNA a thuairisciú don Gharda Síochána, don Choimisiún Ombudsman nó do chróinéir, de réir mar is cuí,
  - (e) ar na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ chun a chinntiú go ndéantar samplaí arna dtógáil faoin Acht seo chun próifílí DNA a ghiniúint lena n-iontráil sa Chóras Bunachair Sonraí DNA a dhíothú agus go ndéantar na próifílí DNA arna nginiúint ó na samplaí sin a bhaint den Chóras sin, de réir *Chuid 10*,
  - (f) ar na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ in oibriú *Chaibidlí 2* agus *7* de *Chuid 12*, agus
  - (g) ar na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáideann Stiúrthóir EFÉ in oibriú *alt 4*.
- (3) Déanfaidh an Coiste, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi *fho-ailt (1)* agus *(2)*, cibé moltaí is cuí leis i ndáil le bainistiú agus oibriú an Chórais Bunachair Sonraí DNA a chur faoi bhráid an Aire agus Stiúrthóir EFÉ, de réir mar is cuí.
- (4) Féadfaidh an Coiste agus, má iarrann an tAire amhlaidh air, déanfaidh an Coiste, aon ní a bhaineann le bainistiú agus oibriú an Chórais Bunachair Sonraí DNA a athbhreithniú agus cuirfidh sé tuarascáil i scríbhinn ar aon athbhreithniú den sórt sin faoi bhráid an Aire.
- (5) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus *(7)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis tuarascáil a fháil faoi *fho-alt (4)*, cóip di a leagan faoi

bhráid gach Tí den Oireachtas agus a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an Aire.

(6) Féadfaidh an tAire, le linn cóip de thuarascáil a gheobhaidh sé nó sí faoi *fho-alt (4)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, nó le linn an tuarascáil a fhoilsiú, aon ní a fhágáil ar lár as an gcóip den tuarascáil a leagfar nó a fhoilseofar amhlaidh, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim, maidir leis an ní a nochtadh—

(a) go mbeadh sé dochrach do shlándáil an Chórais Bunachair Sonraí DNA, do shlándáil an Stáit nó d'imscrúdú cionta coiriúla, nó

(b) go bhféadfadh sé cearta bunreachtúla aon duine a shárú.

(7) Má fhágtar ní ar lár de réir *fho-alt (6)* as tuarascáil a gheobhaidh an tAire faoi *fho-alt (4)*, cuirfear ráiteas á rá sin ag gabháil leis an gcóip den tuarascáil nuair a leagfar í faoi bhráid gach Tí den Oireachtas nó nuair a fhoilseofar í.

### **Comhoibriú leis an gCoiste**

73. (1) Comhoibreoidh Stiúrthóir EFÉ agus na comhaltaí eile d'fhoireann EFÉ leis an gCoiste i ndáil leis an gCoiste do chomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo.

(2) Déanfaidh Stiúrthóir EFÉ agus na comhaltaí eile d'fhoireann EFÉ, chun críocha *fho-alt (1)*, cibé faisnéis a iarraidh an Coiste agus is gá, i dtuairim an Choiste, chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, a thabhairt don Choiste.

(3) Féadfaidh an Coiste, aon uair is cuí leis déanamh amhlaidh, a iarraidh ar an nGarda Síochána agus ar an gCoimisiún Ombudsman faisnéis a thabhairt dó a bhfuil gá léi chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

(4) Comhlíonfaidh an Garda Síochána agus an Coimisiún Ombudsman iarraidh faoi *fho-alt (3)*.

(5) Ní thoirmeascfar le haon ní in aon achtachán eile faisnéis fhíorasach iomchuí a nochtadh don Choiste ná í a nochtadh ag an gCoiste.



## Tuarascáil bhliantúil an Choiste

74. (1) Déanfaidh an Coiste, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí, tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Aire maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá sannta dó leis an Acht seo ag an gCoiste i gcaitheamh na bliana sin.
  
- (2) Beidh i dtuarascáil faoi *fho-alt (1)* faisnéis i cibé foirm agus maidir le cibé nithe a ordóidh an tAire.
  
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis tuarascáil a fháil faoin alt seo, cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an Aire.
  
- (4) Beidh feidhm ag *fo-ailt (6)* agus *(7) d'alt 72*, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le tuarascáil a gheobhaidh an tAire faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le tuarascáil a gheobhaidh sé nó sí faoi *fho-alt (4)* den alt sin.
  
- (5) D'ainneoin *fho-alt (1)*, dá mba rud é, murach an fo-alt seo, go mbainfeadh an chéad tuarascáil faoin alt seo le tréimhse is giorra ná 6 mhí, bainfidh an tuarascáil leis an tréimhse sin agus leis an mbliain díreach i ndiaidh na tréimhse sin agus tabharfar í a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí, tar éis dheireadh na bliana sin.